CINNEADH (CBES) 2021/1014 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantachai bhfianaise na staide sa Libia

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333 ([1]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

(2) An 16 Aibreán 2021, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2571 (2021). Meabhraigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2174 (2014), inar cinneadh go bhfuil feidhm ag na bearta a leagtar amach i Rún 1970 (2011) freisin maidir le daoine aonair agus eintiteas atá i mbun gníomhartha nó a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhartha seachas iad siúd a shonraítear i Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ar ghníomhartha iad lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Libia i mbaol, nó lena gcuirtear bac ar a haistriú polaitiúil a chur i gcrích go rathúil nó lena mbaintear an bonn den chur i gcrích sin. Chuir sí i dtreis freisin go bhféadfaí a áireamh ar na gníomhartha sin bac a chur ar na toghcháin atá beartaithe i dtreochlár Fhóram Idirphlé Polaitiúil na Libia nó an bonn a bhaint díobh.

(3) Tar éis di measúnú a dhéanamh ar an staid sa Libia, lena n-áirítear i ndáil leis na toghcháin atá beartaithe i dtreochlár Fhóram Idirphlé Polaitiúil na Libia, measann an Chomhairle gur gá a shoiléiriú go gcuimsíonn na critéir chun bearta sriantacha a fhorchur daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus eintitis a chuireann bac ar na toghcháin sin nó a bhaineann an bhonn dóibh.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2(c):

"(c) atá i mbun gníomhartha nó a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhartha lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Libia i mbaol, nó lena gcuirtear bac ar a haistriú polaitiúil a chur i gcrích go rathúil nó lena mbaintear an bonn den chur i gcrích sin, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:

(i) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh, ar gníomhartha iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine is infheidhme nó an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme, nó gníomhartha ar sáruithe iad ar chearta an duine, sa Libia;

(ii) ionsaithe a dhéanamh ar aon aerfort, port talún nó calafort sa Libia, nó ar institiúid stáit nó bunáit Stáit de chuid na Libia, nó ar aon mhisean taidhleoireachta sa Libia;

(iii) tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí armtha nó do líonraí coiriúla trí amhola nó aon acmhainn nádúrtha eile a shaothrú go haindleathach sa Libia;

(iv) bagairt a dhéanamh ar institiúidí airgeadais Stát na Libia agus ar Cuideachta Náisiúnta Ola na Libia nó iad a chomhéigniú, nó dul i gceann gníomhartha a bhféadfadh míleithreasú cistí de chuid Stát na Libia a theacht as nó a bheith mar thoradh air;

(v) forálacha an trádbhaic arm sa Libia, a bunaíodh le Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le hAirteagal 1 den Chinneadh seo a shárú nó cúnamh a thabhairt i seachaint na bhforálacha sin;

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34).

(vi) bac a chur ar na toghcháin atá beartaithe i bPlean Oibre Fhóram Idirphlé Polaitiúil na Libia nó an bonn a bhaint dóibh;

(vii) gníomhú thar ceann daoine nó eintiteas atá liostaithe nó ar stiúir na ndaoine nó na n-eintiteas sin;";

(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2(c):

"(c) atá i mbun gníomhartha nó a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhartha lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Libia i mbaol, nó lena gcuirtear bac ar a haistriú polaitiúil a chur i gcrích go rathúil nó lena mbaintear an bonn den chur i gcrích sin, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:

(i) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh, ar gníomhartha iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine is infheidhme nó an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme, nó gníomhartha ar sáruithe iad ar chearta an duine, sa Libia;

(ii) ionsaithe a dhéanamh ar aon aerfort, port talún nó calafort sa Libia, nó ar institiúid stáit nó bunáit Stáit de chuid na Libia, nó ar aon mhisean taidhleoireachta sa Libia;

(iii) tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí armtha nó do líonraí coiriúla trí amhola nó aon acmhainn nádúrtha eile a shaothrú go haindleathach sa Libia;

(iv) bagairt a dhéanamh ar institiúidí airgeadais Stát na Libia agus ar Cuideachta Náisiúnta Ola na Libia nó iad a chomhéigniú, nó dul i gceann gníomhartha a bhféadfadh míleithreasú cistí de chuid Stát na Libia a theacht as nó a bheith mar thoradh air;

(v) forálacha an trádbhaic arm sa Libia, a bunaíodh le Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le hAirteagal 1 den Chinneadh seo a shárú nó cúnamh a thabhairt i seachaint na bhforálacha sin;

(vi) bac a chur ar na toghcháin atá beartaithe i bPlean Oibre Fhóram Idirphlé Polaitiúil na Libia nó an bonn a bhaint dóibh;

(vii) gníomhú thar ceann daoine nó eintiteas atá liostaithe nó ar stiúir na ndaoine nó na n-eintiteas sin;".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES